

PADRAIC Ó GAORA

Pádraic an Chúipéara.

Mícheál a bhí ar a athair, an cúipéara.

Bhí Pádraic ag an gcúirt indiu 2/3/37 i gCárna. As an Meall Rua i Muighinis é, 65bhliain timcheall. Níl mórán Béarla chor ar bith aige. bhí caipín Scotch air agus coinnigheann se an píopa sa gcaipín. Ba é an daimhseoir ab fhearr a bhí sa bpobul é le n-a linn.

Shiubhail sé as Gaillimh lá. Shiubhail sé thart timcheall agus chuaidh sé chuig damhsa an oidhche chéadna agus chaith sé an oidhche ag damhsadh. Mac Dhonnchada Mór an píobaire a bhí a déanamh ceoil.

Bhí Padraic Ó Gaora pósta ag Máire ní Ghaora, inghean le Ceatóg Phádraic Mhóir. Bhí Ceatóg ina hamhránaidhe iongantach. B'as an Meall Rua Ceatóg freisin.

Trí bhaile i Muighinis:

Meall Rua ó dheas

Feithearna thiar.

Cartúr i lar an áit a bhfuil roilig.

Cara Mhuighinse ag an droichead mór idir Ruisín a Chaltha agus Oileán a'Chara. Idir oileán an chara agus Muighinis tá droichead eile.

(9) Shipworm; Péist.

(10) Radiated Scallop muirín easnach.

(11) Hunchback Scallop muirín cruite

(12) The Variable Scallop

(13) The cowry finiuín

(14) The painted top bairneach daithte.

Ceisteanna le Réidhteach.

(1) Chiton.

(2) Paddock tolladóir.

(3) Wentletrap Sagart.

(4) Spiral Shells Cuirceoga

(5) Body or foot of iasgán cos. Bundún.

(6) Threads of mussel snáth.

(7) Hairs of lobster Snataí.

(8) Shell of Scallop

Is ag fairsingíú atá muiríní i gcuan an Choillín.

Tá corr oistre le fagháil ag bun na habhann – oistre cloiche. Bíonn siad i bhfastó ar an gcloich. Tá leathtaobh an tsliogáin i bhfostódh ar an gcloch gan corrú cor ar bith. Gheobhfá beagán oistrí tuitthe de na clocha nuair bheadh trágha mhór ann. Tá lorg faoin oistre ar an cloich a mbíonn sé greamuighthe di. An áit is mó a bhfeicfeá iad an áit a mbíonn sruth uisge a rith isteach sa bhfarraige. Ar na clocha ar chuan taobh an tsrutha.

Biadh maith le n'ithe an t-oistre cloiche.